Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2023
(OR. en)

7389/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 11
SOC 179
EMPL 128
SAN 137
CONSOM 79

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

13 agus 14 Márta 2023

## **CLÁR**


**Leathanach**

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh 2019 (Uimh. 190), a dhaingniú ........ 3

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ........ 4


***

PUBLIC

**5.** **Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh 2019 (Uimh. 190), a dhaingniú** Ⓒ 6685/23
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh a dhaingniú, faoi threoir Nóta ón Uachtaránacht in 6685/23.

---

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 7169/23**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 12 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh (Skopje, an 17 Márta 2023)**<br>*An seasamh ón Aontas a bhunú* |

**RÁITIS ÓN UNGÁIR**

**Bainistiú imirce**

'Agus é á chur san áireamh go bhfuil dlúthbhaint ag sreabha neamhdhleathacha imirce le cineálacha éagsúla coireachta eagraithe ar bagairt iad ar gach tír agus ar gá cur chuige cuimsitheach ina leith chun aghaidh a thabhairt ar shreabha imirce, áitíonn an Ungáir go bhfuil bainistiú imirce le tuiscint mar shrian a chur le sreabha imirce measctha i gcomhthéacs Airteagal 79(1) CFAE, i.e. gan lánurraim á tabhairt ach amháin don chuspóir, a chumhdaítear ann, maidir leis an inimirce neamhdhleathach a chosc agus maidir le bearta feabhsaithe chun í a chomhrac, chomh maith le ceart na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 79(5) CFAE é, ar dá réir nach ndéanfar difear do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach a chinneadh. Tá an méid sin gan dochar do bheartas ginearálta na hUngáire darb aidhm srian a chur leis an imirce neamhdhleathach in ionad bainistiú a dhéanamh ar an bhfeiniméan.'

**Inscne**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' ná tagairt do 'gnéas' agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' ná tagairt do 'an comhionannas idir fir agus mná'.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 13 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Comhghuaillíocht Dhigiteach: AE-Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib: dearbhú comhpháirteach**<br>*Formheas ionstraime neamhcheangailtí* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' ná tagairt do 'gnéas' agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' ná tagairt don 'comhionannas idir mná agus fir'.'



PUBLIC